
# Beo, Raja agus Éifeacht an Fhéileacáin






Scéal le Jane Stout, Máire Nic an Bhaird, Laoise Ní Chléirigh,
Thomas P. Curran agus Caitríona Ní Fhearaíl
Léaráidí le Nathan T. Wright
Léitheoir Profaí: Liam Mac Mathúna



An Fógra: An tusa an nasc dearmadta?
An Claidheamh Soluis
Post nua: Ambasadóir Pailneoirí
Tá post á fhógairt ag Comhairle na bhFeithidí!
Ambasadóir Pailneoirí
Páirtaimseartha, solúbtha / Ag tosú – Meán Fómhair 2025
Tá feithidí na hÉireann an-tábhachtach! Tá Ambasadóir Pailneoirí á lorg againn a bhfuil spéis aige/aici i mbithéagsúlacht.
Obair an Ambasadóra:
• siúlóidí agus ceardlanna bithéagsúlachta a threorú
• eolaíocht shaoránach i scoileanna a phleanáil
• gnáthóga cairdiúla do phailneoirí a chruthú
• scéalta áitiúla agus eolas traidisiúnta faoi fheithidí a roinnt
• obair le hoideachasóirí, teaghlaigh agus grúpaí pobail
Tréithe an Ambasadóra:
• Ambasadóir paiseanta
• Ambasadóir fiosrach
• Ambasadóir cruthaiteach
Déan teagmháil linn chun iarratas a dhéanamh nó tuilleadh eolais a fháil:
feithidí@eolaíochtshaoránach.ie
F/ch an Aire Comhshaoil, Oireachtas na hÉireann, Baile Átha Cliath
Múscail do Mhisneach, a Bhanba
Na Feithidí Abú!
Dáil Éireann
Pollinator Friendly Zone
Cad atá ar siúl aici anseo? Níl Gaeilge aici fiú.
Tír gan teanga, tír gan anam...


An Bord Agallaimh
Tá agallaimh ar siúl i nDáil Éireann maidir leis an nasc dearmadta do 'Chomhairle na bhFeithidí'
...agus ní bheidh feithid ar bith riachtanach agus an 'Aip' seo againn amach anseo!
An chéad iarrthóir eile? Nár tháinig an féileacán?
Agallaimh - Ambasadóir Pailneoirí
Táim anseo! Táim anseo! Is mise an t-iarrthóir is fearr don phost!
Céard sa diabhal atá ar bun anseo?
Tá an féileacán ag caint linn - ach níl an teanga ar eolas againn.
An nasc dearmadta... Féileacáin Fhiúntacha! Measaim go bhfuil an nasc dearmadta aimsithe againn!


Tosaíonn obair an fhéileacáin
Go n-éirí an bóthar leat!
Cuir do thuairim chun tosaigh, a chara.
Bhronn siad an t-ainm 'Nimhneach' orm. Ní raibh mé ach ag cosaint na mbarr. D'ith mé na lotnaidí.
Baile Uí Dhuibh
Molann gach duine an bheach ach faraor smiotann siad an fhoiche. Nílim álainn go leor. Nílim gleoite. Oibrím chomh dian sin. Cuirim na lotnaidí faoi smacht. Bím ag pailniú de ló is d'oíche agus an bhfuil buíochas ar bith tugtha dom?
Tuigim duit! Ní fhéadfainn d'fhulaingt a shamhlú. Tá fíorbhrón orm.
Aire, níl mórán againne fágtha. Buíochas mór le Dia go bhfuil an pobal ag éisteacht linn le déanaí, ach is féidir leatsa cabhrú linn chomh maith gan dabht!
Ó muise...


Ag bualadh le Dubhghlas de hÍde: Céad Uachtarán na hÉireann
Ag Cluain Seanmhaoil...
Heileo! Scríobh mé amhrán faoi dhamhán alla agus faoi fheithidí beaga cosúil leatsa.
An tír, an teanga agus na guthanna beaga cumhachtacha. Éist leo ar fad.
Éist le guth an tseanchais, beidh fios an bhealaigh ar eolas agat.


Bhí an pobal ag éisteacht leis an ambasadóir pailneoirí
...míoltóg, féileacán, bumbóg...
Eitlíonn siad fud fad na tíre gan astaíocht ar bith!
Feirm ACRES
FOICHÍ FIÚNTACHA! EOLAS FAOI NA 'PAILNEOIRÍ LUACHMHARA' SEO
Aitheantas faoi dheireadh!
Cabhraíonn feithidí le chuile rud. Táimid riachtanach. Is teaghlach mór muid - chuile neach beo le chéile. Ní neart go cur le chéile.
An Ceann Comhairle
Ambasadóir Pailneoirí
An tAire Comhshaoil
Foiche


An todhchaí!
Thug sí misneach do dhaoine chomh maith. Seo fíoréifeacht an fhéileacáin: Guth amháin, beathaí éagsúla, bitheacnamaíocht bhláfar.
GRÁ DO CHUILE NEACH BEO
NASC AIMSITHE SEACHAS NASC DEARMADTA!
AN DEARGADAOL ABÚ
Féileacáin Fhiúntacha!
Scaoil amach an fhoiche
Seachain na Lotnaidicídí
Feithidí abú!
Maraigh feithidí? Ní mise!
LOTNAIDICÍDÍ = FEITHIDICÍDÍ
CUMHACHT NA BPAILNEOIRÍ
Is muidne iníonacha na gcailleach nár mharaigh sibh!
Cearta Teanga Cearta Feithidí!
Is iad na feithidí an nasc dearmadta. Oibrímid go dian sna páirceanna, sna gairdíní agus sna potaí plandaí fud fad na tíre. Is pailneoirí riachtanacha muid.
Tá chuile rud nasctha. Ní bheidh na feithidí ina dtost arís. Anois, tá an pobal ag éisteacht leo! Tá an pobal agus an nádúr ag obair as lámha a chéile: An bhitheacnamaíocht abú!

# Gréasán an tSaoil


Cuireann an bhitheacnamaíocht
béim ar thimthriall an nádúir.
Seachain na breoslaí iontaise!




Cruthaigh do ghreannán féin! Roghnaigh cúig fheithid eile.
Buaileann an féileacán leis na feithidí seo. Cruthaigh an scéal!

Teideal

Ainm







Tá an foilseachán seo ar fáil le híoslódáil
ó Research Repository UCD:

Ba mhaith leis na húdair a mbuíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas:
Ionad Taighde Bithgheilleagair Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEE) BiOrbic;
Scoil na hInnealtóireachta Bithchórais agus na hInnealtóireachta Bia UCD;
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad;
Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
agus Cumann Ríoga na Feithideolaíochta.